C/2025/3168

20.6.2025

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún — Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach

(C/2025/3168)

SEO SEASAMH CHOISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

Na príomhtheachtaireachtaí

1. aontaíonn sé le measúnú an Choimisiúin Eorpaigh nár choinnigh an Eoraip siúl le mórgheilleagair eile mar gheall ar **bhearna leanúnach san fhás táirgiúlachta**, agus nach mór di gníomhú anois má tá sí chun bheith ar thús cadhnaíochta i dtaca le teicneolaíochtaí fíorthábhachtacha. Is tábhachtaí fós an méid sin ionas go mbeidh sí ina ceannródaí domhanda a mhéid a bhaineann leis an nuálaíocht, leis an táirgiúlacht agus le dícharbónú réimsí ríthábhachtacha teicneolaíochta, sin agus chun a cuid iomaíochais a thabhairt slán agus a cuid rathúnais a dhaingniú;

2. cuireann sé i bhfáth, áfach, nach féidir le hiomaíochas an Aontais a bheith athléimneach agus inbhuanaithe ach amháin má tá sé fréamhaithe i samhail shóisialta láidir Eorpach atá bunaithe ar an gcomhtháthú sóisialta, ar laghdú neamhionannas agus ar an gcánachas cothrom;

3. tacaíonn sé leis na trí riachtanas claochlaitheacha agus leis na cumasóirí cothrománacha a liostaítear sa Chompás, rud atá riachtanach chun taca a chur faoin iomaíochas;

4. cuireann sé béim air seo: níor cheart go mbeadh samhail rialachais níos láraithe mar thoradh ar na cumasóirí cothrománacha atá beartaithe, samhail a bheadh dírithe go hiomlán ar idirphlé idir an Coimisiún agus rialtais náisiúnta chun dochair do na húdaráis fhonáisiúnta agus do chomhtháthú éifeachtach breithnithe críochacha;

5. tagraíonn do ghealltanas an **Uachtaráin von der Leyen sna Treoirlínte Straitéiseacha** maidir le 'réigiúin a chur i gcroílár ár gcuid oibre'. Dá bhrí sin, molann sé **go n-oibreodh institiúidí an Aontais, rialtais náisiúnta, údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus an earnáil phríobháideach le chéile chun an Compás a chur chun feidhme, agus an cur chuige áitbhunaithe á chur chun cinn acu**;

6. tá sé ag iarraidh go mbeadh **prionsabail shoiléire ann maidir leis an gcaoi a n-oibreoidh an comhar sin idir gach leibhéal rialtais** agus an Compás á chur chun feidhme sna cúig bliana amach romhainn. Molann sé **comhpháirtíocht nua** idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Coimisiún chun an Compás a chur chun feidhme, lena n-áireofaí an méid seo a leanas:

— **measúnuithe tionchair chríochaigh córasacha** a dhéanamh do na príomhthionscnaimh Chompáis a dhéanann difear díreach do bhardais agus do réigiúin ar fud an Aontais;

— obair líonra **RegHub Choiste na Réigiún** a chomhtháthú, lena soláthraítear aiseolas maidir le cur chun feidhme rialacháin an Aontais ar an láthair, mar chuid d'**idirphlé bliantúil na gCoimisinéirí lena mbaineann maidir le cur chun feidhme**;

— **díospóireacht bheartais bhliantúil a dhéanamh ar staid reatha an Chompáis** agus ar an tionchar atá aige ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun an dul chun cinn maidir le hiomaíochas méadaithe a thomhas;

— a áirithiú go gcuirfear san áireamh san **uirlis chomhordaithe iomaíochais** éagsúlacht (acmhainneachtaí agus leochaileachtaí) chríocha na hEorpa agus roinnt na gcumhachtaí laistigh de na Ballstáit;

— glacadh tapa obair an Ardáin 'Réidh don Todhchaí' (F4F) a áirithiú. Tá CnaR tiomanta do pháirt ghníomhach a ghlacadh san obair a dhéanfaidh an t-ardán amach anseo maidir le hoiriúnacht rialála agus simpliú, agus tá sé ag iarraidh go leathnófaí modhanna oibre an Ardáin 'Réidh don Todhchaí' chuig an gcéim réamhreachtach, agus ar an gcaoi sin go ráthófaí cur chuige fianaisebhunaithe, áitbhunaithe agus comhsheasmhach ar feadh an timthrialla reachtaigh; agus

— a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna measúnuithe tionchair staid na réigiún sin inar tromchúiseach na rioscaí maidir le dídhaonrú agus aosú. Scaipeadh críochach, aosú an daonra, dlús íseal daonra agus an easpa mais chriticiúil ó thaobh gnólachtaí de, is rudaí iad sin a chuireann isteach ar chur chun feidhme éifeachtach beartas aonfhoirmigh iomaíochta. Ba cheart foráil a dhéanamh sa Chompás maidir le táscairí agus ionstraimí atá curtha in oiriúint do na réigiúin sin. Ní mór na srianta struchtúracha orthu a aithint, ach gan neamhaird a thabhairt ar an acmhainneacht iontu agus, san am céanna, comhtháthú cothrom agus éifeachtach sa straitéis Eorpach a ráthú;

7. cuireann sé i bhfios go láidir nach leor measúnú earnálach amháin ar iomaíochas na hEorpa chun fás táirgiúlachta a ardú ar fud AE;

8. tugann dá aire gur **príomhspreagthóirí iomaíochais** iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, ós rud é go gcuireann siad clár oibre straitéiseach an Aontais ar fáil ar an láthair agus go dtacaíonn siad go héifeachtach le héiceachórais nuálaíochta trí infheistíocht agus soláthar poiblí;

9. á chur in iúl go bhfuil sé suite de go bhfuil an t-iomaíochas agus an comhtháthú críochach, eacnamaíoch, digiteach agus sóisialta fite fuaite ina chéile agus gur gnéithe bunriachtanacha iad d'fheidhmiú agus d'fhorbairt bhreise an **mhargaidh aonair**;

10. cosnaíonn CnaR cur chun feidhme beart arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha d'fhonn cuspóirí an Chompáis a bhaint amach;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an **uirlis chomhordaithe iomaíochais** atá beartaithe chun feabhas a chur ar chomhordú na mbeartas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta; á chur in iúl, áfach, gur oth leis gur beag a luaitear sa Chompás Iomaíochais faoin gcaoi ar cheart dó feidhmiú, agus nach bhfuil aon rud i gceist leis maidir le sásra chun beartais an Aontais a choigeartú i gcás ina dteipfeadh orthu iomaíochas an Aontais a mhéadú. Dá bhrí sin, tá CnaR ag iarraidh an athuair go mbeadh an uirlis íogair ó thaobh críche de agus bunaithe ar na prionsabail a leagtar amach sa rún seo;

12. á chur in iúl gur cúis bhuartha dó go bhféadfadh na bearta dá bhforáiltear chun **iomaíochas a mhaoiniú** a bheith i bhfad faoi bhun an EUR 750-800 billiún in aghaidh na bliana in infheistíochtaí breise a bhfuil gá leo de réir thuarascáil Draghi. Ní mór tús áite a thabhairt do shlógadh caipitil phríobháidigh atá níos substaintiúla agus níos straitéisí a áirithiú. Ba cheart eisiúint fiachais choitinn bhreise chun tionscadail infheistíochta chomhpháirteacha a mhaoiniú, rud a bheith mar chuid den phlé níos leithne maidir le buiséad fadtéarmach an Aontais a mhaoiniú tar éis 2027;

13. tugann dá aire go luann cuideachtaí go bhfuil an t-ualach ard rialála in AE ar cheann de na príomhbhacainní ar fhás agus ar infheistíocht; is díol sásaimh dó sprioc an Choimisiúin costais na n-ualaí riaracháin uile a laghdú 25 % do na cuideachtaí uile agus 35 % do FBManna agus aontaíonn sé gur gá dul céim eile agus an rómhaorlathas á laghdú, murab ionann is riamh, más uainn iomaíochas na hEorpa a athbhunú; tugann chun suntais go bhfuil iarrachtaí a bhfuil tionchar acu i dtreo **simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin** ríthábhachtach chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus **na caighdeáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil á gcaomhnú** ag an am céanna, **rud lena n-áiritheofar cobhsaíocht rialála agus lenar fearr a urramófar prionsabail na rialála**;

14. athdhearbhaíonn sé an iarraidh a rinneadh i dtuarascáil Draghi gur cheart don Choimisiún measúnú córasach agus tástáil struis a dhéanamh ar dhlíthe agus rialacháin uile an Aontais atá ann cheana ag tús gach sainordaithe sula nglacfaidh sé reachtaíocht nua. Ina dhiaidh sin, ba cheart reachtaíocht an Aontais a chódú agus a chomhdhlúthú de réir réimse beartais, lena n-áirítear forluí agus neamhréireachtaí a shimpliú agus a bhaint ar fud an tslabhra reachtaigh ina iomláine, d'fhonn an rialáil a dhéanamh níos comhsheasmhaí agus níos iomaíche;

An bhearna nuálaíochta a dhúnadh

15. cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil **taighde agus nuálaíocht** i gcroílár an fháis iomaíoch san Eoraip. Ag tagairt dó d'Airteagal 182 CFAE, molann sé gach beart sa réimse sin a chomhtháthú i gclár réime ar leith chun an slabhra taighde agus nuálaíochta ina iomláine a léiriú ó chéim an bhuntaighde go dtí na táirgí ar an bhfód. Ar an dul sin, d'fhéadfaí iomaíochas na hEorpa a áirithiú i bhfad na haimsire;

16. cuireann sé i bhfáth gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun éiceachórais nuálaíochta áitbhunaithe a fhorbairt chun na héagothromaíochtaí nuálaíochta a réiteach ina n-iomláine agus chun an deighilt nuálaíochta a dhúnadh laistigh den Eoraip féin, idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, agus idir an tAontas agus an tSín;

17. tugann chun suntais gur gá taoide na ngnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus na ngnólachtaí atá ag méadú a aisiompú go práinneach arae tá forás ar líon na ngnólachtaí dá shórt atá ag tréigean na hEorpa le hiad féin a lonnú in áit eile; tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an **28ú córas dlí deonach do chuideachtaí nuálacha**, sin agus anailís a dhéanamh ar an tionchar críochach a d'fhéadfadh a bheith aige; tugann sé chun suntais gur gá do bhuiséad fadtéarmach AE infheistíocht a dhéanamh i gcláir chliste trasteorann arb é is aidhm dóibh tacú le slabhraí luacha idir-réigiúnacha agus, ar an dóigh sin, éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha a neartú;

18. cuireann CnaR i bhfáth gur gá, ar mhaithe le hiomaíochas níos fearr, barr feabhais an taighde agus na nuálaíochta agus eolas agus cumas monaraíochta a chomhcheangal. D'fhonn an athléimneacht a neartú, ba cheart tacú le gníomhaíochtaí ardteicneolaíochta ar fud scála an leibhéil ullmhachta teicneolaí agus iad a éascú, ó chéim an taighde bhunúsaigh go dtí an tabhairt isteach ar an margadh agus, níos faide fós, go dtí an cur in úsáid sa tionscal;

19. tacaíonn sé le forbairt scileanna, uas-sciliú agus athsciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil a aithint mar cholúin d'iomaíochas an Aontais, ó tá todhchaí eacnamaíoch an Aontais ag brath ar lucht saothair ardoilte, inoiriúnaithe agus nuálach a choinneáil sa bhaile. Sa chomhthéacs sin, tá béim á leagan ag CnaR ar an ról lárnach atá ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i bhforbairt na scileanna a ailíniú leis na riachtanais eacnamaíocha; tugann sé chun suntais gur cuid den chuimsiú i margadh an tsaothair bacainní struchtúracha a laghdú, go háirithe do na mná, agus dálaí oibre cothroma a áirithiú, faoi mar a chumhdaítear an scéal i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta;

20. is oth le CnaR nach ndéantar tagairt shoiléir sa Teachtaireacht don Chomhaontú Glas don Eoraip. Is ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais na gealltanais a tugadh faoin gcreat sin toisc go gceadaítear leo gur féidir leis na húdaráis phoiblí, le gnólachtaí príobháideacha agus leis na saoránaigh pleananna fadtéarmacha a dhéanamh;

Treochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas

21. aontaíonn sé nach mór don aistriú chuig geilleagar dícharbónaithe cur le hiomaíochas na hEorpa. Cuireann sé i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil gá le tacaíocht bhreise chun aistriú cóir, glas agus digiteach a bhaint amach atá mar chuid bhunriachtanach de bheartas comhtháthaithe athchóirithe;

22. tugann sé foláireamh gur bagairt thromchúiseach ar shlándáil shóisialta agus ar iomaíochas AE **tionchar mhéadaitheach an athraithe aeráide**; tugann sé chun suntais nach mór an fás eacnamaíoch agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith fite fuaite ina chéile, agus cuireann i bhfios conas a d'fhéadfadh **samhail an Mhisin maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste a bheith ina bunchloch faoi bheartas iomaíochais an Aontais** (gona infheistíocht mheasta EUR 650 billiún lena gcuirtear acmhainneacht ollmhór nuálaíochta agus deiseanna gnó ar fáil sna príomhearnálacha);

23. leagann CnaR béim air gur gné chomh ríthábhachtach céanna de straitéis iomaíochais an Aontais é an t-oiriúnú don athrú aeráide. Tá sé ag iarraidh go dtabharfaí tacaíocht fheabhsaithe do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus do thionscail chun straitéisí athléimneachta aeráide a cheapadh, lena n-áirítear feabhsuithe bonneagair. Cuireann sé i bhfáth a thábhachtaí atá sé bearta oiriúnaithe a chomhtháthú i mbeartais eacnamaíocha agus thionsclaíocha chun iomaíochas fadtéarmach agus cobhsaíocht shóisialta a chosaint;

24. cuireann in iúl gur maith leis gur foilsíodh an **Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan** chun dul i ngleic le fadhbanna leanúnacha do thionscail arb é is aidhm dóibh dícharbónú a dhéanamh, ach á chur i bhfáth go bhfuil gá le gné láidir chríochach don bheartas tionsclaíoch chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, agus chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do réigiúin ina bhfuil tionscail dianfhuinnimh;

25. is díol sásaimh do CnaR go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Plean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe, maille le tionscnaimh ghaolmhara eile, a thíolacadh in 2025, go háirithe an plean maidir le gréasán iarnróid ardluais Eorpach uaillmhianach. Aontaíonn sé le cuspóir an Choimisiúin dlús a chur le dícharbónú na hearnála iompair ina hiomláine ar an dóigh is éifeachtúla ó thaobh an gheilleagair de agus leagann sé béim ar an ngá atá le cur chuige a chuireann an ghné chríochach san áireamh chun tacú leis an nascacht agus leis an rochtain is mó is féidir;

26. cuireann in iúl gur díol sásaimh dó an **plean gníomhaíochta fuinnimh inacmhainne** a bheith ann maille le tionscnaimh éagsúla chun costais fuinnimh a laghdú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus don tionscal, agus á iarraidh go mbeadh fíor-Aontas Fuinnimh Eorpach ann ina mbeidh margadh lán-chomhtháite agus dea-idirnasctha ar fud an Aontais, agus córas rialachais dea-fheidhmiúil ina chroílár; cuireann i bhfios go láidir gur gá borradh a chur faoin táirgeadh fuinnimh áitiúil agus ról breise a thabhairt don earnáil phríobháideach san aistriú fuinnimh;

27. tugann chun suntais a thábhachtaí atá sé athléimneacht an mhargaidh aonair a áirithiú, ós rud é go bhfuil sé fós faoi bhrú lasmuigh agus laistigh den Aontas toisc leasanna gearrthéarmacha a bheith á saothrú go haonarach ag na Ballstáit trí bhíthin bearta aontaobhacha, bacainní trádála trasteorann gan údar, cuir i gcás, sin agus fóirdheontais Stáit do thionscail náisiúnta. Thairis sin, tá dúshláin roimh FBManna sa mhéid go mbíonn orthu dul i ngleic le rialacháin éagsúla ar fud na mBallstát, go háirithe maidir le caighdeáin inbhuanaitheachta. De dheasca na heaspa comhchuibhithe sin, méadaítear costais chomhlíonta agus is casta atá oibríochtaí trasteorann. Ina fhianaise sin, is bacainn é nach mór aghaidh cheart a thabhairt air.

28. cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil iomaíochas agus fás na hEorpa bunaithe ar gheilleagar oscailte atá comhtháite i slabhraí luacha domhanda. Is tábhachtach go seasfaidh an Eoraip le luachanna na saorthrádála agus an iltaobhachais. I ndáil leis an méid sin, is gá don Eoraip éagsúlú a dhéanamh ar a honnmhairí, agus gan bheith ag déileáil le SAM agus leis an tSín amháin, sin agus comhaontuithe saorthrádála a neartú;

29. ar an gcaoi chéanna, is den riachtanas sásraí le haghaidh tacaíocht phraiticiúil agus tacaíocht airgeadais a áireamh sa chompás iomaíochais do ghnólachtaí beaga in earnálacha traidisiúnta, amhail earnáil na turasóireachta nó earnáil na talmhaíochta, ionas go mbreathnófaí ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach mar dheis inrochtana seachas mar ualach breise. Ba cheart oiliúint atá curtha in oiriúint don chomhthéacs áitiúil, cur chun cinn an chomhair gnó agus digiteáil chomhpháirteach a bheith mar chuid den rialachán;

30. cuireann i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach ina riachtanas straitéiseach d'iomaíochas AE, agus neamhspleáchas agus athléimneacht AE á méadú san am céanna; tá sé ag iarraidh go gcuirfí go mór le tacaíocht an Aontais do chathracha agus do réigiúin chun réitigh chiorclacha shistéamacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go háirithe tríd an soláthar poiblí;

An spleáchas a laghdú agus an tslándáil a mhéadú

31. cuireann i bhfios go láidir nár cheart aon drogall a bheith ar an Aontas úsáid a bhaint as ionstraimí cosanta mar i**onstraimí cosanta trádála** agus an **Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha** chun a áirithiú nach ndéanfaidh iomaíocht éagórach ó chuideachtaí eachtracha dochar do ghnólachtaí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach freisin béim a leagan ar an ngéarghá atá leis an b**Pacáiste um Athchóiriú Custaim** a ghlacadh.

32. rud ríthábhachtach i gcomhair iomaíochas an Aontais is ea **soláthar iontaofa éagsúlaithe na n-amhábhar** a áirithiú, go háirithe iad siúd a mheastar a bheith criticiúil agus straitéiseach, ós ionchuir ríthábhachtacha iad in earnálacha an fhuinnimh, na tógála agus na tionsclaíochta. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Comhghuaillíocht Amhábhar an Aontais. Cuireann sé in iúl gur maith leis go bhfuil sé oscailte do na réigiúin chomh maith;

33. measann sé gur tosaíocht atá i neartú shlándáil agus athléimneacht na hEorpa, agus tugann chun suntais gur cheart go rannchuideodh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí cosanta agus dé-úsáide leis an iomaíochas agus leis an bhforbairt réigiúnach chomh maith céanna;

34. tá sé ag áitiú go ndéanfadh an Coimisiún (i ndáil leis an ngá méadaithe le h**infheistíochtaí** slándála agus **cosanta** freisin) borradh a chur faoin mbeartas spáis agus infheistíochtaí i gcóras satailíte Galileo a mhéadú go mór, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí é a úsáid go míleata freisin;

35. cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil **ardteicneolaíochtaí, amhail príomh-leathsheoltóirí earnála, biteicneolaíocht agus IS**, ríthábhachtach chun iomaíochas agus ceannasacht theicneolaíoch AE a áirithiú; tugann chun suntais gur gníomhaithe príomha iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an intleacht shaorga a scaipeadh ar an earnáil phríobháideach agus ar an earnáil phoiblí araon, agus go bhfuil fód socair fúthu chun muinín a chothú i réitigh intleachta saorga trí bhíthin rannpháirtíocht dhíreach an phobail, sin agus trí bhíthin trédhearcacht ní b'fhearr.

An Bhruiséil, an 3 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ